# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2010

## C U N T A S A Í O C H T – G N Á T H L E I B H É A L

**(400 marc)**

DÉ LUAIN, 21 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 – 5.00

**Tá an páipéar seo leagtha amach ina 3 Roinn:**

| **Roinn 1: Cuntasaíocht Airgeadais** (120 marc). |
|---|
| Tá 4 cheist sa roinn seo (Uimhir 1 – 4). Tá 120 marc ag gabháil leis an gcéad cheist agus 60 marc an ceann ag gabháil leis na trí cheist eile.<br>Ba chóir d'iarrthóirí **CEIST 1 amháin** a fhreagairt NÓ tabhairt faoi **DHÁ** cheann ar bith de na trí cheist eile as an roinn seo. |

| **Roinn 2: Cuntasaíocht Airgeadais** (200 marc). |
|---|
| Tá 3 cheist sa roinn seo (Uimhir 5 – 7). Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist.<br>Ba chóir d'iarrthóirí **DHÁ** cheann ar bith de na ceisteanna a fhreagairt. |

| **Roinn 3: Cuntasaíocht Bhainistíochta** (80 marc). |
|---|
| Tá 2 cheist sa roinn seo (Uimhir 8 agus 9). Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist.<br>Ba chóir d'iarrthóirí ceann **AMHÁIN** de na ceisteanna seo a fhreagairt. |

| **Áireamháin** |
|---|
| Is ceadmhach áireamháin a úsáid agus na ceisteanna ar an bpáipéar seo á bhfreagairt:<br>tá sé fíorthábhachtach, áfach, go dtaispeánfar an t-oibriú amach s(n)a f(h)reagarleabha(i)r sa chaoi gur féidir creidiúint iomlán a thabhairt ar obair atá ceart. |

**ROINN 1 (120 Marc)**
Freagair **Ceist 1** NÓ **DHÁ** cheist ar bith eile

**1. Cuntais Chríochnaitheacha Cuideachta**

Baineadh na hiarmhéideanna seo a leanas as leabhair Maddison Tta mar a bhí ar 31/12/2009.

| | € | € |
|---|---|---|
| Scairchaipiteal | | |
| Údaraithe – 800,000 Gnáthscair ar €1 an ceann | | |
| Eisithe – 500,000 Gnáthscair ar €1 an ceann | | 500,000 |
| Foirgnimh | 600,000 | |
| Trealamh oifige | 85,000 | |
| Paitinní | 74,000 | |
| Dímheas carntha – Foirgnimh | | 60,000 |
| Dímheas carntha – Trealamh oifige | | 17,000 |
| Bintiúir 10% (eisithe ar 01/04/2009) | | 99,000 |
| Díolacháin | | 680,000 |
| Ceannacháin | 279,300 | |
| Aischur Isteach (Aischur díolachán) | 7,300 | |
| Féichiúnaithe | 68,000 | |
| Creidiúnaithe | | 44,000 |
| Carraeireacht isteach | 5,700 | |
| Lascaine faighte | | 5,000 |
| Pá/Tuarastail | 175,000 | |
| Stáiseanóireacht | 25,200 | |
| Stoc earraí le hathdhíol 01/01/2009 | 103,200 | |
| Táillí stiúrthóirí | 22,000 | |
| C.B.L. | | 20,300 |
| Árachas | 12,000 | |
| Banc | | 33,800 |
| Stoc stáiseanóireachta 01/01/2009 | 1,800 | |
| Fógraíocht | 34,000 | |
| Soláthar in aghaidh drochfhiach | | 4,900 |
| Iarmhéid brabúis/caillteanais 01/01/2009 | | 28,500 |
| | 1,492,500 | 1,492,500 |

Tugtar an t-eolas breise seo duit:

(i) Stoc ar 31/12/2009
Earraí le hathdhíol €63,400
(ii) Stoc stáiseanóireachta ar 31/12/2009 €600.
(iii) Tá soláthar le déanamh in aghaidh dímheasa mar seo a leanas:
Foirgnimh - 5% den chostas
Trealamh oifige - 10% den chostas
(iv) Baineann árachas leis an mbliain dar chríoch 31/03/2010.
(v) Tá soláthar le déanamh (le taispeáint) d'ús dlite ar bhintiúr
(vi) Tá an soláthar in aghaidh drochfhiach le coigeartú go dtí 10% d'fhéichiúnaithe.
(vii) Dlite ar fhógraíocht ar 31/12/2009 €2,500.
(viii) Soláthar do cháin chorparáideach €12,000.

**Iarrtar ort:**

**(a)** Cuntas Trádála, Brabúis agus Caillteanais a ullmhú don bhliain dar chríoch 31/12/2009 (80)
**(b)** Clár Comhardaithe a ullmhú mar a bhí ar 31/12/2009. (40)

**(120 marc)**

**2. Ráiteas Táblach**

Taispeánann an clár comhardaithe seo a leanas staid airgeadais trádálaí aonair, Áine Ní Roideáin , mar a bhí ar 1 Samhain 2009.

**Clár Comhardaithe mar a bhí ar 1 Samhain 2009.**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | **€** | **€** | **€** |
| Foirgnimh | | 300,000 | |
| Innealra | | 90,000 | 390,000 |
| | | | |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Féichiúnaithe | | 55,000 | |
| Stoc | | 26,000 | |
| Banc | | 10,400 | |
| | | 91,400 | |
| | | | |
| **Lúide Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain amháin** | | | |
| Creidiúnaithe | 19,000 | | |
| Speansais dlite | 500 | 19,500 | |
| | | | 71,900 |
| | | | 461,900 |
| | | | |
| **Maoinithe ag:** | | | |
| Caipiteal | | | 450,000 |
| Cuntas Brabúis/Caillteanais | | | 11,900 |
| | | | 461,900 |

**Tharla na bearta seo a leanas le linn mhí na Samhna, 2009:**

| | |
|---|---|
| Samh 4 | Fuarthas ó fhéichiúnaí seic ar €630 mar ghlanadh iomlán fhiacha €650. |
| Samh 6 | Íocadh le seic speansais a bhí dlite ag tús na míosa. |
| Samh 10 | Ceannaíodh earraí ar cairde €7,300. |
| Samh 15 | Íocadh le seic €2,000 as deisiúcháin ar theach príobháideach. |
| Samh 17 | Ceannaíodh trealamh ar €12,000. Íocadh éarlais €3,000 le seic agus fuarthas an fuílleach ar iasacht ó Airgeadas Mear Tta. |
| Samh 19 | Féichiúnaí a raibh €900 dlite uaidh, fógraíodh ina fhéimheach é agus d'íoc sé 50c sa euro le seic. |
| Samh 24 | Íocadh le seic iarmhéid cuntas féichiúnaí de €1,800 agus ansin fuair lascaine de €100. |

**Iarrtar ort:**

An tionchar a bhí ag gach ceann de na bearta thuas ar na sócmhainní agus ar na dliteanais ábhartha a thaifeadadh ar ráiteas táblach.

Taispeáin na sócmhainní agus na dliteanais iomlána ar 30 Samhain 2009.

**(60 marc)**

**3. Ráiteas Réitigh Bainc**

Leagtha amach thíos tá Cuntas Bainc agus Ráiteas Bainc Mhairtín Tóibín do mhí Lúnasa 2010.

**Cuntas Bainc**

| Dr | | | | | Cr |
|---|---|---|---|---|---|
| | | € | | | € |
| Lúnasa 1 | Iarmhéid t/a | 3,640 | Lúnasa 3 | S. Ó Duibh 400101 | 600 |
| Lúnasa 1 | Díolacháin lóisteáilte | 4,100 | Lúnasa 7 | Árachas 400102 | 700 |
| Lúnasa 20 | Lóisteáil | 1,900 | Lúnasa 10 | S. Mistéil 400103 | 1,200 |
| Lúnasa 28 | Díolacháin lóisteáilte | 3,500 | Lúnasa 19 | T. Ó Riada 400104 | 500 |
| | | | Lúnasa 24 | P. Ó Cléirigh 400105 | 1,840 |
| | | | Lúnasa 28 | A. Ó Mathúna 400106 | 730 |
| | | | Lúnasa 29 | Iarmhéid t/s | 7,570 |
| | | 13,140 | | | 13,140 |

| Ráiteas Bainc ar 30/04/2010 | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | **Dochar** | **Creidmheas** | **Iarmhéid** |
| | | € | € | € |
| Lúnasa 1 | Iarmhéid t/a | | | 3,640 |
| Lúnasa 3 | Ús faighte | | 300 | 3,940 |
| Lúnasa 4 | S. Ó Duibh 400101 | 600 | | 3,340 |
| Lúnasa 5 | Lóisteáil | | 4,100 | 7,440 |
| Lúnasa 12 | Árachas 400102 | 700 | | 6,740 |
| Lúnasa 20 | Lóisteáil | | 1,900 | 8,640 |
| Lúnasa 24 | T. de Róiste (seic obtha) | 270 | | 8,370 |
| Lúnasa 28 | A. Ó Mathúna 400106 | 730 | | 7,640 |
| Lúnasa 28 | Ordú Seasta | 80 | | 7,560 |
| Lúnasa 28 | Táillí Bainc | 65 | | 7,495 |
| Lúnasa 28 | M. Tóibín | 290 | | 7,205 |

**Nóta:** An €290 a iontráladh sa Ráiteas Bainc ar Lúnasa 28, cuireadh trí earráid é i gCuntas Mhairtín Tóibín in ionad é a chur i gCuntas Mhichelle Tóibín.

**Iarrtar ort:**

**(a)** Cuntas Bainc coigeartaithe Mhairtín Tóibín a thaispeáint agus an t-iarmhéid coigeartaithe a thabhairt anuas. (35)

**(b)** Ráiteas a ullmhú ar 30/08/2010 a réitíonn iarmhéid an Chuntais Bhainc choigeartaithe le hiarmhéid an Ráitis Bhainc. (25)

**(60 marc)**

**4. Cuntais Gnólacht Seirbhíse**

Is mar seo a leanas a bhí sócmhainní agus dliteanais Mháire Ní Dhónaill, fiaclóir, ar 01/01/2009.

Foirgnimh €450,000, Troscán €16,400, Feithiclí Mótair €36,000,
Suimeanna dlite ó othair phríobháideacha €1,200, Airgead sa Bhanc €11,200,
Trealamh Fiaclóireachta €28,000, Leictreachas dlite €600.

**Iarrtar ort:**

**(a)** Caipiteal Mháire Ní Dhónaill a ríomh ar 01/01/2009. (20)

Baineadh na sonraí seo a leanas as a cuid taifead ar 31/12/2009:

| **Fáltais** | **€** | **Íocaíochtaí** | **€** |
|---|---|---|---|
| Táillí ó othair phríobháideacha | 220,400 | Ceannach trealamh fiaclóireachta | 12,000 |
| Scéim Cártaí Leighis | 104,900 | Leictreachas | 14,500 |
| | | Ábhair fiaclóireachta | 34,200 |
| | | Árachas | 6,000 |
| | | Teileafón | 4,900 |
| | | Speansais Mhótair | 2,100 |
| | | Táillí teicneoirí | 24,700 |
| | | Irisí | 750 |

**Tá an t-eolas breise seo a leanas le cur san áireamh ar 31/12/2009:**

(i) Bhí luach €3,400 ar an stoc d’ábhar fiaclóireachta.
(ii) Tá €6,700 dlite di ag othair phríobháideacha.
(iii) Árachas réamhíoctha €1,900.
(iv) Theastaigh uaithi trealamh fiaclóireachta (ar a n-áirítear breiseanna) a dhímheas de 10% den chostas agus na Feithiclí Mótair de 20% den chostas.

**Iarrtar ort:**

**(b)** Cuntas ioncaim agus caiteachais Ní Dhónaill a ullmhú don bhliain dar chríoch 31/12/2009. (40)

**(60 marc)**

**ROINN 2 (200 Marc)**
Freagair **DHÁ** cheist ar bith

## 5. Léirmhíniú ar Chuntais

Baineadh an t-eolas seo a leanas as cuntais Uí Bhróithe Tta don bhliain dar chríoch 31/12/2009:

**Cuntas Trádála, Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2009**

| | € | € |
|---|---|---|
| Díolacháin ar creidmheas | | 670,000 |
| Lúide: Costas Díolachán | | |
| Stoc 01/01/2009 | 46,000 | |
| Móide: Ceannacháin | 510,000 | |
| | 556,000 | |
| Lúide: Stoc 31/12/2009 | 58,000 | |
| Costas Diolachan | | ? |
| Ollbhrabús | | 172,000 |
| Lúide: Speansais Iomlána (ús bintiúir san áireamh) | | 104,000 |
| Glanbhrabús don bhliain | | ? |

**Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/09**

| | € | € |
|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | 754,000 |
| **Sócmhainní Reatha** | 130,000 | |
| **Lúide Creidiúnaithe**: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain amháin | 64,000 | 66,000 |
| | | 820,000 |
| **Maoinithe ag:** | | |
| **Creidiúnaithe**: suimeanna dlite tar éis níos mó ná 1 bhliain amháin | | |
| Bintiúir 7% (2016/2017) | | 120,000 |
| **Caipiteal agus Cúlchiste** | | |
| Gnáthscaireanna | | 632,000 |
| Cuntas Brabúis/Caillteanais | | 68,000 |
| | | 820,000 |

**(a)** **Iarrtar ort iad seo a leanas a ríomh:**
- (i) An figiúr do chostas na ndíolachán
- (ii) An Glanbhrabús
- (iii) Cóimheas ráta láimhdeachais an stoic
- (iv) An tréimhse cairde a fuarthas do cheannacháin ar creidmheas ó Chreidiúnaithe
- (v) An Cóimheas Fíorthástála (40)

**(b)** **Mínigh iad seo a leanas:**
- (i) Cistí Scairshealbhóirí
- (ii) Ús Íoctha
- (iii) Dímheas
- (iv) Bintiúir 7% 2016/2017 (40)

**(c)** In 2008 ba é an Cóimheas Reatha ná 1.8:1 agus an Cóimheas Fíorthástála ná 1.4:1.
- (i) Ríomh na cóimheasa sin do 2009.
- (ii) Déan trácht ar leachtacht an ghnólachta ag deireadh 2009. (10)

**(d)** Ba é an Toradh ar Chaipiteal in Úsáid do 2008 ná 12%.
- (i) Ríomh an cóimheas sin do 2009.
- (ii) Déan trácht ar bhrabúsacht reatha an ghnólachta. (10)

**(100 marc)**

**6. Taifid Neamhiomlána – Cuntais Rialúcháin**

Níor choinnigh Máire Uí Dhrisceoil foireann iomlán leabhar le linn na bliana dar chríoch 31/12/2009. Is achoimre é seo a leanas ar an gcuntas airgid don tréimhse sin.

| | € | € |
|---|---|---|
| **Fáltais Airgid** | | |
| Iarmhéid 01/01/2009 | 24,900 | |
| Féichiúnaithe | 67,200 | |
| Coimisiún | 4,800 | |
| Díolacháin | 283,500 | 380,400 |
| | | |
| **Íocaíochtaí Airgid** | | |
| Ceannacháin | 108,500 | |
| Tarraingtí | 11,900 | |
| Pá agus Speansais Ghinearálta | 68,000 | |
| Creidiúnaithe | 43,700 | |
| Troscán | 12,000 | 244,100 |

**Tá an t-eolas breise seo a leanas ar fáil freisin:**

| | **01/01/2009** | **31/12/2009** |
|---|---|---|
| Áitreabh | 430,000 | 430,000 |
| Veaineanna Seachadta | 72,000 | 72,000 |
| Féichiúnaithe | 15,300 | 12,600 |
| Creidiúnaithe | 6,400 | 5,900 |
| Stoc | 19,300 | 17,800 |
| Speansais dlite | 1,160 | 970 |

**Nóta:** Déan Veaineanna Seachadta a dhímheas de 20% den chostas per annum.

**Iarrtar ort:**

**(a)** Caipiteal Mháire Uí Dhrisceoil a ríomh ar 01/01/2009. (10)

**(b)** Díolacháin Iomlána Mháire Uí Dhrisceoil (creidmheas agus airgead) agus a Ceannacháin Iomlána (creidmheas agus airgead) a ríomh. (20)

**(c)** Cuntas Trádála, Brabúis agus Caillteanais a ullmhú don bhliain dar chríoch 31/12/2009. (30)

**(d)** Clár Comhardaithe a ullmhú mar a bhí ar 31/12/2009. (40)

**(100 marc)**

## 7. Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

Baineadh an t-eolas seo a leanas as leabhair Ruairí Tta.

| | € |
|---|---|
| **Brabús agus Caillteanas (sliocht) don bhliain dar chríoch 31/12/2009.** | |
| Brabús oibriúcháin | 80,000 |
| Ús íoctha | 9,000 |
| | 71,000 |
| Cáin | (32,000) |
| | 39,000 |
| Díbhinní íoctha | (5,000) |
| Brabús coinnithe | 34,000 |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais 1/1/09 | 146,000 |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais 31/12/09 | 180,000 |

| **Cláir Chomhardaithe mar a bhí ar** | **31/12/2009** | | **31/12/2008** | |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| **Sócmhainní Seasta** | | | | |
| Talamh agus Foirgnimh | 780,000 | | 680,000 | |
| Lúide soláthar in aghaidh dímheasa | 90,000 | 690,000 | 70,000 | 610,000 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | |
| Stoc | 47,000 | | 34,000 | |
| Féichiúnaithe | 38,000 | | 30,000 | |
| Airgead | 29,000 | | 25,000 | |
| | 114,000 | | 89,000 | |
| **Lúide Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain amháin** | | | | |
| Creidiúnaithe | 62,000 | | 55,000 | |
| Cáin | 32,000 | | 18,000 | |
| | (94,000) | | (73,000) | |
| **Glansócmhainní Reatha** | | (20,000) | | (16,000) |
| **Glansócmhainní Iomlána** | | 710,000 | | 626,000 |
| | | | | |
| **Maoinithe ag:** | | | | |
| **Creidiúnaithe: suimeanna dlite tar éis 1 bhliain amháin** | | | | |
| Bintiúir 6% | | 50,000 | | 80,000 |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | | | |
| Gnáth-scairchaipiteal eisithe | | 480,000 | | 400,000 |
| Cuntas Brabúis agus Caillteanais | | 180,000 | | 146,000 |
| | | | | 626,000 |

**Iarrtar ort:**

**(a)** An brabús oibriúcháin a réiteach leis an nglan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin. (30)

**(b)** An ráiteas faoi shreabhadh airgid Ruairí Tta a ullmhú don bhliain dar chríoch 31/12/2009 agus na ceannteidil seo a leanas á n-úsáid agat:

1. Gníomhaíochtaí oibriúcháin
2. Toradh ar infheistíochtaí agus fónamh ar airgeadas
3. Cáin
4. Caiteachas caipitil agus infheistíocht airgid
5. Díbhinní cothromais íoctha
6. Maoiniú. (65)

**(c)** (i) Na glanfhiacha a ríomh do 31/12/2008 agus do 31/12/2009.
(ii) An Glansreabhadh Airgid a réiteach leis an Athrú ar na Glanfhiacha. (5)

**(100 marc)**

**ROINN 3 (80 Marc)**
Freagair **AON** cheist amháin

## 8. Costáil Imeallach

Ní dhéanann Ó Gnímh Tta ach aon táirge amháin. Is mar seo a leanas atá an buiséad bliantúil atá beartaithe don bhliain atá ag teacht:

| | **€** | **€** |
|---|---|---|
| Díolacháin (40,000 aonad) | | 480,000 |
| Costais athraitheacha | 160,000 | |
| Costais sheasta | 64,000 | (224,000) |
| Glanbhrabús | | 256,000 |

**Iarrtar ort:**

**(a)** An praghas díola **in aghaidh an aonaid** a ríomh.

**(b)** An costas athraitheach **in aghaidh an aonaid** a ríomh.

**(c)** An **Cion Tairbhe** ó gach aonad a dhíoltar a ríomh.

**(d)** An pointe Meá ar Mheá i méid na ndíolachán a ríomh (**aonaid**) **agus** luach díolacháin (€) a ríómh.

**(e)** An lamháil sábháilteachta a ríomh ina haonaid **agus** luach díolacháin a ríomh, más iad na díolacháin atá buiséadaithe don tréimhse ná 40,000 aonad.

**(f)** An leibhéal táirgeachta a thabharfaidh brabús €120,000 a ríomh.

**(80 marc)**

**9. Buiséadú**

Déanann Times Ltd dhá chineál uaireadóra, "**Goldstar**" agus "**Silverstar**". Tá díolacháin an dá chineál uaireadóra agus eolas ábhartha eile don bhliain dar chríoch 31/12/2010 buiséadaithe mar a leanas:

| | **Goldstar** | **Silverstar** |
|---|---|---|
| Díolacháin Buiséadaithe | 1,400 aonad | 1,800 aonad |
| Praghas díola ionchasach | €80 | €50 |
| | | |
| **Stoic ionchasacha -** ***earraí críochnaithe*** | **Goldstar** | **Silverstar** |
| Stoic thosaigh | 180 | 220 |
| Stoic dheireadh | 210 | 160 |
| | | |
| **Ábhar agus Costais** | **Ábhar A** | **Ábhar B** |
| **Goldstar** | 2 ghram | 5 ghram |
| **Silverstar** | 3 ghram | 4 ghram |
| | | |
| **Stoic ionchasacha –** ***amhábhair*** | **Ábhar A** | **Ábhar B** |
| Stoic thosaigh | 210 gram | 300 gram |
| Stoic dheiridh | 240 gram | 430 gram |

**Am an tSaothair Dhírigh ina uaireanta**

| | |
|---|---|
| **Goldstar** | 8 n-uaire an chloig |
| **Silverstar** | 5 uaire an chloig |
| | |
| **Ráta an tsaothair dhírigh in aghaidh na huaire** | €9 |

**Iarrtar ort na buiséid seo a leanas a ullmhú:**

**(a)** Buiséad Díolachán **ina aonaid agus ina €**.

**(b)** Buiséad Táirgeachta.

**(c)** Buiséad Úsáide Ábhair

**(d)** Buiséad Ceannacháin Ábhair

**(e)** Buiséad Saothair (pá)

**(80 marc)**

Leathanach Bán

Leathanach Bán